



# Nótaí don Mhúinteoir

## Réamhrá Ginearálta

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha don bhliain seo ná: **Scoileanna Caitliceacha: Tugtar Ár nDúshlán Trócaire Dé a Fhógairt.**

Tá súil againn go gcabhróidh an téama seo le tuiscint a bheith againn maidir le Bliain Urghnách Iubhaile na Trócaire a d'fhógair an Pápa Proinsias. Cuireadh tús leis an mbliain seo ar an 8 Nollaig 2015, Lá Fhéile Muire gan Smál, agus tiocfaidh deireadh leis ar 20 Samhain 2016, Lá Fhéile Críost Rí. Ba mhaith leis an bPápa Proinsias gur bhliain a bheidh ann ina mbeidh béim ar an tuiscint atá againn gur Dia na trócaire é ár nDia féin, Dia an ghrá is an chomhbhá, Dia a mhaitheann is a mhaithfidh i gcónaí dúinn. Bíonn trócaire Dé ar fáil do chách, bíonn gach aon duine san áireamh. Tugtar cuireadh dúinn i mbliana machnamh a dhéanamh ar an mbrí a bhaineann le bheith mar bhall de chlann Dé.

Tuigimid gurb é Íosa aghaidh thrócaire Dé. Tugann seisean léargas dúinn ar cé chomh trócaireach is atá ár nAthair ar Neamh. Nuair a fheictear Íosa ag déileáil le daoine a bheadh daortha nó gur dhiúltaigh an saol dóibh, bíonn radharc againn ar thrócaire Dé. Nuair a thuigimid an bealach ina mbíonn Íosa ag cneasú, ag tabhairt maithiúnais, ag tabhairt grá, feicimid trócaire Dé i ngníomh. Iarrtar orainne maireachtáil ar nós Íosa agus dá bhrí sin caithimid a bheith mar aghaidh thrócaireach Dé do na daoine sin a dhéanann teagmháil linn. Beidh iniúchadh á dhéanamh againn leis na páistí i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha féachaint conas is féidir leo san a bheith mar aghaidh thrócaireach Dé sa seomra ranga, sa chlós, ar scoil, sa bhaile lena muintir féin, agus sa phobal i gcoitinne.

Bíonn téama éagsúil ann in aghaidh an lae, téamaí a chabhróidh leis na daltaí, tá súil againn, tuiscint a bheith acu ar conas a d'fhéadfaidís trócaire Dé a fhógairt i gcónaí. Is iad seo na téamaí:

<b>An Luan:</b>	Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a bhím cneasta agus comhbháich
<b>An Mháirt:</b>	Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhaithim agus nuair a dhéanaim athmhuintearas
<b>An Chéadaoin:</b>	Bíonn na Seantuismitheoirí mar aghaidh thrócaireach Dé
<b>An Déardaoin:</b>	Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a dhéanaim an ceart is an chóir
<b>An Aoine:</b>	Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhairim ar nós Íosa

Díreach mar a bhí againn go dtí seo, baineann acmhainní leis na téamaí éagsúla atá in oiriúint do na grúpaí ranganna: N. Shóisearacha & N. Shinsearacha/Bunscoil 1 & 2; Rang 1 & 2/Bunscoil 3 & 4; Rang 3 & 4/Bunscoil 5 & 6; agus Rang 5 & 6 /Bunscoil 7.

Ar **An Chéadaoin** beidh ceiliúradh maidir le **Lá na Seantuismitheoirí**. Beidh seirbhís urnaí againn ar an lá sin, agus moltaí go leor maidir le gníomhaíochtaí ranga.

## Nóta Ginearálta

Déan spás don SSC 2016 ar cheann de na cláir fógraí, bíodh sé sa seomra ranga nó ar dhorchla na scoile. D'fhéadfaí imeachtaí a bhaineann le SSC a phoibliú nó a chur ar taispeáint sa spás seo. Bain úsáid as an teimpléad ar an gcéad leathanach eile le hidirdhealú a dhéanamh ar an spás.



**Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2016**  
**Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair...**





## Tugann na nótaí seo leanas treoir áirithe do na múinteoirí ranga:

### N. Shóisearacha & N. Shinsearacha/Bunscoil 1 & 2

Is é an modh oibre a úsáidtear maidir leis na hacmhainní do na naíonáin an modh oibre céanna a bhaineann leis an gclár oideachais reiligiúnach nua *Ag Fás i nGrá: Breathnaímis, Foghlaimimis agus Mairimis*. Cuirfidh sé seo ar chumas an mhúinteora sa rang naíonáin an bealach oibre céanna a úsáid, agus cabhróidh sé le timpeallacht sheasta foghlama a chruthú do na mic léinn.

### Rang 1 & 2/Bunscoil 3 & 4

Is í aidhm na n-acmhainní seo ná cabhrú le páistí i Rang 1 & 2/Bunscoil 3 & 4 tuiscint a bheith acu maidir le maireachtáil ar nós Íosa. Tá cur síos ann ar mhodhanna iompair, tá rudaí le déanamh ann, gníomhaíochtaí le cur i bhfeidhm. Díreimid ach go háirithe ar bheith ag gníomhú le comhbhá, le cneastacht, ar bhealach cóir, ag léiriú maithiúnais agus cothromaíocht do chách. Tá na téamaí seo ar fad nasctha lena chéile, ag brath ar a chéile. Is é an fáth le go mbíonn an saghas seo oibre ar siúl againn ná go mbainimid ar fad, idir páistí is múinteoirí, le clann coisricthe Dé agus seo an misean atá romhainn, an glao a chuirtear orainn, an obair atá le cur i gcrích againn.

*Ós sibhse an pobal tofa, pobal naofa muirneach Dé, cuirigí umaibh trua croí, cineáltas, uirisle, ceansacht agus foighne.*  
(Col 3:12)

Deirtear linn: *Is sibhse corp Chríost agus is ball dá chuid gach duine ar leith agaibh.* (1 Cor 12:27), agus tá dualgas orainne ar fad ár gcuid oibre féin a dhéanamh agus gach duine againn ag gníomhú lena chéile ar mhaithe le ríocht Dé, agus aghaidh thrócaireach Dé a thaispeáint. Mura gcuirimid go léir chuige, ní tharlóidh sé. Mar a chuireann Naomh Treasa d'Avila i gcuimhne dúinn:

Níl corp ar bith ag Críost anois seachas do chorp féin. Níl lámha ná cosa ar domhan aige seachas do chuidse. Is trí do shúile féin a bhreathnaíonn sé go comhbhách ar an domhan seo.  
Is leatsa na cosa lena gcuireann sé chun bóthair leis an mhaitheas a dhéanamh.  
Is leatsa na lámha trína gcuireann sé a bheannacht ar an domhan uile.  
Is leatsa na lámha, Is leatsa na cosa, is leatsa na súile, is tusa corp Chríost.

Beidh deis i rith na seachtaine cabhrú leis na páistí tuiscint a bheith acu ar na bealaí ina bhféadfaidís grá Dé a léiriú i leith daoine eile, bheith mar aghaidh thrócaireach Dé do dhaoine, agus conas mar is féidir linn ár súile, ár gcuid cluasa, ár lámha, ár gcosa, ár gcroí iomlán a úsáid le thrócaire Dé a chur i bhfeidhm.

Beidh deis againn am a chaitheamh ag machnamh fúinn féin, ar conas a bheimis inár saol féin mar aghaidh thrócaireach Dé.





### Rang 3 & 4/Bunscoil 5 & 6

Tá sé éasca go leor a bhfuil i gceachtanna Rang 3 & 4 a thuiscint, seachas i gcás Dé Déardaoin, nuair a bheidh cabhair le fáil ón méid seo:

#### **An Déardaoin: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a dhéanaim an ceart is an chóir**

Inniu, beidh cluiche ó Cafod.org in úsáid againn, féachaint conas mar is féidir linn cabhrú le daoine eile athrú saoil a bhaint amach nuair a bhimid cothrom agus cóir. Tá breis eolais ar fáil ag: [www.cafod.org.uk/Education/Bunscoil-schools/Fairtrade](http://www.cafod.org.uk/Education/Bunscoil-schools/Fairtrade).

B'fhéidir gur mhaith leat féachaint ar an suíomh: [www.developmenteducation.ie/blog/2015/03/top-10-facts-about-the-fairtrade-movement-in-ireland/](http://www.developmenteducation.ie/blog/2015/03/top-10-facts-about-the-fairtrade-movement-in-ireland/).

#### **Aidhmeanna**

An slabhra bananaí a chur in aithne do na daltaí, sé sin an méid a tharlaíonn sula dtagann an banana chun an tí chugainn, agus plé a dhéanamh maidir leis an méid airgid a fhaigheann na daoine éagsúla atá rannpháirteach ann, nuair a dhíoltar na bananaí.

#### **Bunsmainte**

Bíonn nasc againn le daoine ar fud na cruinne nuair a cheannaímid earraí agus nuair a ithimid bia. Déantar go leor de na hearraí a bhíonn ar díol sna siopaí ón amhábhair a thagann chugainn ó thíortha bochta: ón Aifric, ón Áis, ó Mheiriceá Laidineach nó ó na hOileáin Chairibeacha. Cuid mhaith de na hoibreacha sna háiteanna seo, ní bhíonn íosmhéid maireachtála á thuilleamh acu trína gcuid oibre chun bia, lóistín, éadaí, leigheas, oideachas a chur ar fáil. Is míchothrom an staid seo. Cuireadh lipéadú 'Cóirthrádáil' ar fáil le go bhféadfadh custaiméirí a bheith cinnte de go mbíonn luach saothair cothrom á fháil ag na hoibrithe a chuireann earraí agus táirgí ar fáil dúinne.





## Rang 5 & 6/Bunscoil 7

### An Luan: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a bhím cneasta agus comhbhách

Déan scrúdú ar sheacht dtíolacadh an Spioraid Naoimh leis an rang; bheadh nasc ann le bheith ag ullmhú don Chóineartú (féach *Beo go Deo*). Pléigh na tíolachtaí leis na daltaí agus an bealach ina léirítear an duine a bheadh lán den Spiorad Naomh. Líontar leis an Spiorad sinn nuair a dhéantar muid a bhaisteadh, agus dearbhaítear a leithéid trí Shacraimint an Chóineartaithe. Déan grúpaí nó beirteanna as na mic léinn, agus tabhair ceann de thíolachtaí an Spioraid in aghaidh an ghrúpa dóibh. Tabhair cuireadh dóibh an focal sin a scríobh ar cheann de na torthaí atá le sonrú thíos. Ar chúl an leathanaigh is féidir leo na bealaí ina bhféadfaidís toradh an Spioraid a léiriú do chách ina saol féin a bhreacadh síos, le taispeáint go bhfuil siad líonta den Spiorad Naomh.

### An Mháirt: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhaithim agus nuair a dhéanaim athmhuintearas

Tabharfaidh Dia maithiúnas dúinn i gcónaí. Caithimidne mar phobal Dé maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile agus maithiúnas a lorg ó dhaoine a bhí gortaithe mar gheall orainne, chomh maith. Más féidir linn a leithéid a dhéanamh, is féidir linne bheith mar aghaidh thrócaireach Dé ar domhan. Déan staidéar leis na mic léinn ar an bparabal faoin Mac Drabhlásach. Pléigh na huaireanta ina mbíonn an maithiúnas le sonrú leo, agus an bhféadfaimis féin maithiúnas a léiriú sa chás céanna. Cad é an bhrí a bhainimid as an bparabal, agus an bhfuil nasc ann idir an parabal seo agus aon scéal eile ón mBíobla a bheadh ar eolas againn. Is féidir dráma beag a dhéanamh as an scéal seo, nó parabal ar bith eile, leis an gceacht atá á mhúineadh ag Íosa a shoiléiriú.

### An Chéadaoin: Bíonn na Seantuismitheoirí mar aghaidh thrócaireach Dé

Is lá ar leith é Lá na Seantuismitheoirí. Déan machnamh leis na daltaí maidir leis an tábhacht a bhaineann le ról na seantuismitheoirí nó na sinseantuismitheoirí inár saol. Is minic go dtugann siad an dea-shampla don uile dhuine againn. Bronnann siad an chneastacht, an fhlaithiúlacht, an grá gan teorainn orainn. Is sa bhealach seo a bhíonn siad mar aghaidh thrócaireach Dé ar domhan. Pléigh an sórt foclaíochta a d'úsáidfe le cur síos a dhéanamh ar na seantuismitheoirí, agus scríobh thart timpeall ar phictiúr a tharraing an páiste iad. D'fhéadfadh na leanaí grianghraif den seanathair nó den tseanmháthair a thabhairt isteach freisin.

### An Déardaoin: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a dhéanaim an ceart is an chóir

Ar an lá seo, faigh amach an bhrí a bhaineann leis an sliocht seo ón mBíobla: *'An ceart a dhéanamh, buanghrá a chothú agus siúl go humhal i bhfochair do Dhé'*. (Míoca 6:8).

Cén bhrí a bhaineann na daltaí as an sliocht seo? Pléigh leo an bhrí atá leis an rud cóir, agus an gceapann siad gur domhan cóir atá againn faoi láthair. Spreag iad le caint a dhéanamh maidir leis an mbealach a iarrann Íosa orainn go mbeifí ag déileáil le gach duine ar domhan ar bhealach ceart agus cóir. Mar dhaoine aonair, nó i ngrúpaí, iarr ar na daltaí an teimpléad a úsáid agus daoine nó grúpaí ar domhan nach mbíonn ag fáil chothrom Féinne a ainmniú. Tabhair deis do na daltaí díriú ar na bealaí ina bhféadfaí cabhair a sholáthar dóibh, agus an mbeadh eagrais ann a chuireann cabhair ar fáil dóibh.

### An Aoine: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhairim ar nós Íosa

Inniu, ar an lá deireanach, déan na Bíáide a scrúdú leis na daltaí. Bhronn Íosa orainn iad ag an tSeanmóir ar an Sliabh, agus tá teoracha iontu faoin mbealach inar cheart dúinn an saol a chaitheamh. Pléigh gach Bíáid leis na mic léinn agus an bhrí a bhaineann leis, nó an treoir atá i gceist ann. Iarr ar na leanaí siombail nó 'emoji' a tharraingt do gach Bíáid, agus na pictiúir a roinnt le cara leo, nó leis an rang. Ansin, trí phlé a dhéanamh nó trí ghníomhaíocht scríofa, déan comparáid idir na Bíáide agus na Deich nAithne. (*Ba cheart go dtuigfeadh na daltaí go ndeir na Deich nAithne linn gan rudaí áirithe a dhéanamh, agus go ndeir na Bíáide linn conas an saol a chaitheamh.*)